An Guthán Póca

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi úsáid an ghutháin soghluaiste in Éirinn. Féach ar an tuairisc uair amháin agus pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat:

Cé mhéad den eolas a d'éirigh leat a thuiscint, bunaithe ar na pictiúir agus ar eolas ar bith eile a bhí agat cheana féin?

Ceist 2 Seo stór focal a bhí le cloisteáil sa tuairisc. Ag obair leis an duine in aice leat ceangal na focail ar chlé leis na focail ar dheis.

1. published	(a) ar an meán
2. survey	(b) dream
3. group	(c) beag baol
4. the figures	(d) luascadh
5. to stick a phone	(e) suirbhé
6. swinging	(f) sciobtha
7. every call	(g) chuile ghlao
8. on average	(h) d'fhoilsigh
9. fast	(i) catagóir
10. category	(j) leisce
11. reluctance	(k) na figiúirí
12. little danger	(l) fón a ghreamú

1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	

Ceist 3 Féach ar an tuairisc don dara huair. Ceangal na háiteanna/na daoine ar chlé leis na fíricí ar dheis.

1. Contae Luimnigh	a. an dream is lú a bhaineann úsáid as fóin.
2. Contae Lú agus Dún na nGall	b. caitheann siad an t-am is faide ag caint ar fhóin.
3. Muintir Mhuineacháin, an Chabháin agus Chill Dara	c. ní chaitheann siad ach 1.35 nóiméad ag caint ar na fóin.
4. Contae an Lú agus muintir na nDéise	d. an dream is mó a bhaineann úsáid as fóin
5. Mná Shligigh agus mná Lú	e. an dream a chaitheann an t-am is lú ag caint ar fhóin.

Ceist 4 (a) Scríobh an uimhir cheart in aice le contaetha na hÉireann.

Cúige Laighean
Co. Átha Cliath
Co. Cheatharlach
Co. Chill Chainnigh
Co. Chill Dara
Co. Chill Mhantáin
Co. na hIarmhí
Co. Laoise
Co. Loch Garman
Co. an Longfoirt
Co. Lú
Co. na Mí
Co. Uíbh Fhailí

Cúige Mumhan
Co. Chiarraí
Co. an Chláir
Co. Chorcaí
Co. Luimnigh
Co. Phort Láirge
Co. Thiobraid Árann

Cúige Chonnacht
Co. na Gaillimhe
Co. Liatroma
Co. Mhaigh Eo
Co. Ros Comáin
Co. Shligigh

Cúige Uladh
Co. Aontroma
Co. Ard Mhacha
Co. an Chabháin
Co. Dhoire
Co. an Dúin
Co. Dhún na nGall
Co. Fhear Manach
Co. Mhuineacháin
Co. Thír Eoghain



(b) An bhfuil na freagraí céanna ag an duine in aice leat?

Ceist 5 'Tá *níos mó* fón póca'

(a) Cén chuid den ghramadach atá i gceist leis na focail atá i gcló Iodálach thuas?
(b) Éist leis an tuairisc arís agus scríobh an fhoirm cheart den aidiacht sna bearnaí thíos:

mór:	níos _____
éasca:	níos _____
maith:	is _____
fada:	is _____
beag:	is _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil tusa róthógtha le do ghuthán póca?
An mbíonn tú ag seoladh téacsanna nuair a bhíonn tú amuigh go sóisialta?
Cén aois a bhí tú nuair a fuair tú do chéad ghuthán póca?
Cad a cheapann tú faoi chaidreamh grá a chríochnú trí théacs a chur?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an cheist seo le plé sula gcuirtear an mhír ar siúl.

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
h	***e***	***b***	***k***	***l***	***d***	***g***	***a***	***f***	***i***	***j***	***c***

Ceist 3
1 – d
2 – a
3 – b
4 – e
5 – c

Ceist 4

Cúige Laighean	**Cúige Chonnacht**
1. Co. Átha Cliath	**21.** Co. na Gaillimhe
4. Co. Cheatharlach	**25.** Co. Liatroma
14. Co. Chill Chainnigh	**22.** Co. Mhaigh Eo
5. Co. Chill Dara	**23.** Co. Ros Comáin
2. Co. Chill Mhantáin	**24.** Co. Shligigh
11. Co. na hIarmhí	**Cúige Uladh**
13. Co. Laoise	4. Co. Aontroma
3. Co. Loch Garman	6. Co. Ard Mhacha
10. Co. an Longfoirt	9. Co. an Chabháin
7. Co. Lú	3. Co. Dhoire
6. Co. na Mí	5. Co. an Dúin
12. Co. Uíbh Fhailí	26. Co. Dhún na nGall
Cúige Mumhan	1. Co. Fhear Manach
17. Co. Chiarraí	8. Co. Mhuineacháin
20. Co. an Chláir	2. Co. Thír Eoghain
16. Co. Chorcaí	
18. Co. Luimnigh	
15. Co. Phort Láirge	
19. Co. Thiobraid Árann	



Ceist 5
(a) Céimeanna comparáide na haidiachta.
(b)

mór:	níos	**mó**
éasca:	níos	**éasca**
maith:	is	**fearr**
fada:	is	**faide**
beag:	is	**lú**

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
D'fhoilsigh *Eircom* agus *Meteor* torthaí an chéad suirbhé chumarsáide inniu ar an úsáid a bhaintear as fóin phóca. Léiríonn an suirbhé gurb iad muintir Luimnigh an dream is mó a bhaineann úsáid as gutháin soghluaiste. Tá tuilleadh faoin scéal ag Áine Lally.

Áine Lally
Léiríonn na figiúirí is deireanaí ón gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide go bhfuil 5.2 milliún fón póca in úsáid in Éirinn faoi láthair. Go deimhin tá níos mó fón póca sa tír seo ná mar atá daoine. Tá sé níos éasca anois ná mar a bhí cheanna fón a ghreamú de do chluas agus freisin na méaraí (méarachaí) a chur a luascadh ag seoladh téacsanna.

Léiríonn suirbhé nua de chuid *Eircom* agus *Meteor* inniu gurb iad muintir Luimnigh an dream is fearr ó thaobh an dá rud seo a dhéanamh. Tagann Baile Átha Cliath agus Ceatharlach isteach sa dara háit, Contae an Lú agus Dún na nGall atá ar bhun an liosta. Caitheann muintir Mhuineacháin, an Chabháin agus Chill Dara an t-am is faide ag caint ar na fóin phóca (fónachaí póca). Is iad muintir chontae an Lú agus muintir na nDéise is lú a labhraíonn orthu. Taispeánann an suirbhé gurb iad mná Mhuineacháin agus mná Mhaigh Eo an dream is faide a labhraíonn ar na fóin (fónanna) soghluaiste. Caitheann siad ar an meán dhá nóiméad ar chuile ghlao. Ní raibh an méid céanna cainte ag mná Shligigh nó mná Lú is cosúil. Caitheann siadsan thart ar nóiméad tríocha is a cúig ar an meán ar chuile ghlao. Seans go bhfuil méara (méaracha) sciobtha ag muintir Luimnigh, Uíbh Fhailí agus Laoise. Siadsan is mó a sheolann téacsanna. Tagann na mná amach chun tosaigh sa gcatagóir seo. Seolann siad ar an meán deich dtéacs chuile lá.

Deimhníonn an suirbhé seo nach bhfuil leisce ar bith orainn úsáid a bhaint as ár bhfóin phóca (fónachaí póca). Beag baol go dtiocfadh athrú ar an nós seo agus dea-scéal é seo ar ndóigh do na comhlachtaí a chuireann na seirbhísí cumarsáide ar fáil. Áine Lally, Nuacht TG4.